

# Pobail a Nascadh





# Clár Ábhar

Athbhreithniú ar Oibríochtaí.....	2
Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile.....	12
Tuarascáil na Stiúrthóirí.....	14
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí.....	18
Tuarascáil na nIniúcháirí.....	20
Príomhbheartais Chuntasaíochta.....	22
Cuntas Brabúis agus Cailteanais.....	26
Clár Comhardaithe.....	27
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid.....	28
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais.....	29

Is mian le hIarnród Éireann a mbuíochas a chur in iúl le Rialtas na hÉireann as an maoiniú le haghaidh tionscadail mhóra faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus leis an Aontas Eorpach as an gcómhaoiniú.



# Athbhreithniú ar Oibríochtaí

## Léargas Ginearálta

Ba bhliain dhúshlánach eile d'Iarnród Éireann a bhí in 2011.

Tháinig laghdú ar ioncam paisinéirí de thoradh laghdú ar thurais paisinéirí Idirchathrach. Ina theannta sin, tháinig laghdú €6.45 milliún nó 4.2% ar an bhfóirdheontas le haghaidh seirbhísí Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (PSO) le linn 2011. Tháinig méadú €1.58 milliún nó 5.8% ar na costais bhreosa.

Tugadh cabhair do ghnó DART, áfach, a bhuíochas le méadú ar líon na n-imeachtaí siamsaíochta agus spóirt i gCathair Bhaile Átha Cliath. Fuair gnó Lasta Iarnróid Iarnród Éireann dea-scéal freisin nuair a tugadh traenacha nua lastais isteach idir Béal an Átha agus Calafort Bhaile Átha Cliath le haghaidh na seoltóirí lasta, IWT.

Chuir an meath leanúnach ar an ngeilleagar isteach ar ghnó Chalafort Ros Láir freisin, ach d'éirigh leis brabús €1.695 milliún a bhaint amach in 2011.

A bhuíochas le coinneáil an Chláir Shábháilteachta agus Athnuachana dar luach €119 milliún don bhliain 2011, i gcomparáid le €108 milliún in 2010, cinntíodh go leanann oibreacha ríthábhachtacha ar athnuachan sócmhainní, chomh maith le cláir thairbhiúla oiliúna foirne, ar aghaidh ag seasamh le sárthaifead Iarnród Éireann i leith sábháilteacht paisinéirí. Ag an am céanna, ciorraíodh an clár caipitil ó €142 milliún anuas go €133 milliún. Is iomaí deis fhadtéarmach infheistíochta atá curtha ar feitheamh anois dá bharr.

Níor mhór bearta éifeachtúlachta a chur i bhfeidhm agus scéimeanna laghdaithe réamhghníomhaigh costais a ghlacadh mar chúram in 2011 arís. In ainneoin na bhfeabhsúcháin uile ar chúrsaí éifeachtúlachta, áfach, tá na cailteanais iomlána ag carnadh i rith an ama agus caithfeadh tuilleadh bearta costchiorraithe a ghlacadh in 2012. Ag an am céanna, táthar ag leagan níos mó béime ar ghiniúint an oiread ioncaim agus is féidir agus teachtaireacht an iompair inbhuanaithe a chur chun cinn. Cruthaíodh post úr faoi choinne Stiúrthóir Tráchtála agus ceapadh duine chun an phoist seo d'fhonn tacú leis na spriocanna seo.

Idir an dá linn, coinníonn foireann tosaigh Iarnród Éireann orthu ag cur seirbhís an-ghairmiúil ar fáil don phobal mór agus bhí an taifead feidhmíochta maidir le seirbhís traenach ar fheabhas in ainneoin na srianta airgeadais ar an ngnólacht.

Bíonn taifead sábháilteachta Iarnród Éireann go maith i gcónaí ó thaobh sábháilteacht paisinéirí de.

Táthar dóchasach ach aireach faoina bhfuil i ndán d'Iarnród Éireann amach anseo. Braitheann sé ar chur i bhfeidhm an phlean cúig bliana ag an ngnólacht maidir le téarnamh na cobhsaíochta airgeadais.



## Airgeadas

### Toradh airgeadais 2011


Bhí an gnó DART 1.5% os cionn an bhuiséid don bhliain 2011 ach bhí sé 1.5% faoi bhun an iomláin don bhliain 2010 de réir na dtorthaí deireanacha do dheireadh na bliana i dtaca le hioncam paisinéirí. Bhí an t-ioncam don bhliain ó na gnóthaí Idirchathrach agus Comaitéara 0.6% os cionn an bhuiséid ach bhí sé 4.2% faoi bhun an iomláin don bhliain 2010. Ar a shon sin, boilscíodh an t-ioncam i dtreimhsí 12 agus 13 in 2010 de dheasca na crua-aimsire anuraidh, a chuir borradh mór ar sheirbhísí iarnróid toisc dhrochstaid na mbóithre. San iomlán sa bhliain 2011, bhí turais paisinéirí síos timpeall 2.1% ar fhiúirí 2010.

Bhí an glanchailteanas iomlán don bhliain 2011 ar aon dul leis an réamhaisnéis deiridh ag €18.8 milliún (roimh mhíreanna eisceachtúla) agus ag €21.9 milliún tar éis míreanna eisceachtúla a chur san áireamh.

Léirítear go soiléir sna cairteacha i bhFíor 1 thíos don treimhse 5 bliana idir 2007 agus 2011 an dóigh a ndeachaigh comhaireamh cinn agus cláir laghdaithe costais i ngleic leis na laghduithe ar an airgead isteach ó ioncam agus ó fhóirdheontas.









*A bhuíochas le coinneáil an Chláir Shábháilteachta agus Athnuachana dar luach €119 milliún don bhliain 2011, i gcomparáid le €108 milliún in 2010, cinntíodh go leanann oibreacha ríthábhachtacha ar athnuachan sócmhainní, chomh maith le cláir thairbhiúla oiliúna foirne, ar aghaidh.*

## Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)



### Méaduithe ar Tháillí

I mí Feabhra 2011, thug an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) údarú d'Iarnród Éireann na táillí DART agus Comaitéara uile agus na táillí Idirchathrach ina raibh an táille aonbhealaigh don turas €25 nó ní ba shaoire, a ardú faoi 3%. Cuireadh an beart sin i bhfeidhm ón 1 Márta 2011 ar aghaidh. Ardaíodh ticéid séasúir mhíosúla agus bhliantúla TaxSaver faoi 3% ón 1 Bealtaine 2011 ar aghaidh.

An 9 Nollaig 2011, d'fhorhmeas an NTA méadú náisiúnta ar tháillí lena chur i ngníomh i mí Eanáir 2012. Ag an am céanna, tugadh beartas nua táillí taistil ní ba shimplí isteach i gcomhair turais Idirchathrach lena bhain roinnt laghduithe ar tháillí aonbhealaigh Idirchathrach i dteannta na méaduithe ginearálta.

### Promóisin díolacháin do phaisinéirí

Reáchtáladh roinnt sprioc-phromóisin díolacháin do phaisinéirí chun ioncam paisinéara a mhéadú in earnálacha gnó Idirchathrach, Comaitéara agus DART.

Tháinig fás faoin ngnó TaxSaver arís in 2011. B'ionann na díolacháin iomlána agus €24.5 milliún, méadú €2.8 milliún. Eagraíodh promóisin ar an suíomh ag cliantchuideachtaí

reatha i rith 2011 chun aird na bhfostaithe a tharraingt ar theachtaireacht an luacha ar airgead. Tugadh faoi fheachtas poist dhíreach a bhí dírithe ar chuideachtaí nach bhfuil i scéim TaxSaver agus d'éirigh go maith leis seo. Eagraíodh feachtas margáíochta i mí na Nollag roimh an mbuiséad. Leagadh béim mhór ann ar an gcoigilteas cánach a d'fhéadfaí a shaothrú ach ticéad TaxSaver a cheannach. Mar thoradh ar na feachtais phoist dhíreach agus mhargáíochta, cheannaigh 241 cuideachta breise cártaí TaxSaver dá bhfoireann in 2011. Leanfaidh Iarnród Éireann ar aghaidh ag díriú ar an táirge seo sa bhliain 2012 ó thaobh cúrsaí margáíochta agus díolachán de.

Díoladh dhá oiread na dticéad teaghlaigh ná mar is gnách um Cháisc de bharr promóisean ticéad teaghlaigh a bhí ar siúl le linn na Cásca in 2011. Tháinig méadú ar an ioncam ó €103k in 2010 go €210k in 2011 dá thairbhe.

Mar gheall ar phromóisin díolacháin an tsamhraidh, ar thug gníomhaireachtaí turasóireachta na hÉireann a dhíríonn ar lucht saoire nach dtéann thar lear tacaíocht dóibh, tháinig méadú 28%, nó €836k, ar fhigiúirí na bliana 2010 agus tháinig méadú €690 ar líon na dticéad teaghlaigh.

### Oibleagáidí na hEorpa lena mbaineann rochtain ar bhonneagar iarnróid

Foráiltear le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bonneagar Iarnróid) 2010 scaradh na gcuntas faoi mar a cheanglaítear faoi Threoracha na gComhphobal Eorpach 91/440/CE agus 2001/14/CE, arna leasú.

Ceanglaítear ar Iarnród Éireann cuntais bhrabúis agus chaillteanais ar leith agus cláir chomhardaithe a choinneáil agus a fhoilsiú gach bliain le haghaidh gnó a bhaineann le soláthar seirbhísí iompair iarnróid ar thaobh amháin, agus le haghaidh gnó a bhaineann le bainistiú agus le cothabháil an bhonneagair iarnróid ar an taobh eile. Déanfar cuntais Iarnród Éireann a choinneáil leis an toirmeasc ar stáitchabhair a thugtar le haghaidh soláthar seirbhísí iompair ag an ngnóthas iarnróid arna n-aistriú lena n-úsáid i mbainistiú an bhonneagair iarnróid a chur in iúl.

Ceanglaítear ar Iarnród Éireann freisin cuntais bhrabúis agus chaillteanais ar leith agus cláir chomhardaithe nó ráitis ar shócmhainní agus dlíteanais a choinneáil agus a fhoilsiú gach bliain i leith soláthar seirbhísí lasta iarnróid/iompair. Taispeánfaidh cuntais ar leith Iarnród Éireann na cistí a íoctar faoi choinne gníomhaíochtaí a bhaineann le soláthar seirbhísí iompair paisinéara mar shainchúraimí seirbhíse poiblí agus léireoidh na cuntais an toirmeasc ar na cistí sin arna n-aistriú lena n-úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le soláthar seirbhísí eile iompair nó le haghaidh gnó ar bith eile.

## Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

### Iarnród Éireann-Irish Rail Sliocht as an gClár Comhardaithe – neamhniúchta

Léirítear an uile fhiigiúr in €000anna

	Iomlán		Oibríochtaí		Bonneagar		Lasta Iarnróid		Gníomhaíochtaí Eile	
	2011 €000	2010 €000	2011 €000	2010 €000	2011 €000	2010 €000	2011 €000	2010 €000	2011 €000	2010 €000
<b>Sócmhainní Seasta</b>										
<b>Sócmhainní Inláimhsithe</b>										
Sócmhainní ar a gCostas	3,146,326	2,898,662	1,729,906	1,674,708	1,323,935	1,132,365	21,000	20,661	71,485	70,928
Dírtheas Carntha	(1,279,827)	(1,112,216)	(749,001)	(630,764)	(477,479)	(429,297)	(20,404)	(20,437)	(32,943)	(31,718)
	<b>1,866,499</b>	<b>1,786,446</b>	<b>980,905</b>	<b>1,043,944</b>	<b>846,456</b>	<b>703,068</b>	<b>596</b>	<b>224</b>	<b>38,542</b>	<b>39,210</b>
Sócmhainní Airgeadais	20	20	-	-	-	-	-	-	20	20
	<b>1,866,519</b>	<b>1,786,466</b>	<b>980,905</b>	<b>1,043,944</b>	<b>846,456</b>	<b>703,068</b>	<b>596</b>	<b>224</b>	<b>38,562</b>	<b>39,230</b>
<b>Sócmhainní Reatha</b>										
Stoic	49,941	40,981	34,546	28,250	15,327	12,661	-	-	68	70
Féichiúnaithe	20,665	30,225	14,367	11,463	3,385	16,060	693	1,431	2,220	1,271
Iarmhéid idirchuideachta	22,774	57,892	-	-	-	-	-	-	22,774	57,892
Airgead sa bhanc agus ar láimh	313	320	313	320	-	-	-	-	-	-
	<b>93,693</b>	<b>129,419</b>	<b>49,226</b>	<b>40,033</b>	<b>18,712</b>	<b>28,721</b>	<b>693</b>	<b>1,431</b>	<b>25,062</b>	<b>59,233</b>
<b>Creidiúnaithe: (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)</b>										
Rótharraingt	410	4,252	1,337	1,409	570	564	-	-	(1,497)	2,278
Léas airgeadais	4,382	4,092	4,382	4,092	-	-	-	-	-	-
Ioncam Iarchurtha	135,526	125,292	100,570	95,858	34,646	29,122	-	-	310	313
Creidiúnaithe eile	148,229	149,640	79,667	66,852	57,638	60,338	140	360	10,784	22,090
	<b>288,547</b>	<b>283,276</b>	<b>185,956</b>	<b>168,211</b>	<b>92,854</b>	<b>90,024</b>	<b>140</b>	<b>360</b>	<b>9,597</b>	<b>24,681</b>
<b>Glanditeanais reatha</b>	<b>(194,854)</b>	<b>(153,857)</b>	<b>(136,730)</b>	<b>(128,178)</b>	<b>(74,142)</b>	<b>(61,303)</b>	<b>553</b>	<b>1,072</b>	<b>15,465</b>	<b>34,552</b>
<b>Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha</b>	<b>1,671,665</b>	<b>1,632,609</b>	<b>844,175</b>	<b>915,766</b>	<b>772,314</b>	<b>641,764</b>	<b>1,149</b>	<b>1,296</b>	<b>54,027</b>	<b>73,783</b>
<b>Creidiúnaithe: (suimeanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin)</b>	<b>11,917</b>	<b>16,165</b>	<b>11,917</b>	<b>16,165</b>	<b>-</b>	<b>-</b>	<b>-</b>	<b>-</b>	<b>-</b>	<b>-</b>
<b>Soláthar do Dhliteanais agus do Mhuirir</b>	<b>56,271</b>	<b>55,730</b>	<b>48,064</b>	<b>48,058</b>	<b>7,327</b>	<b>7,258</b>	<b>-</b>	<b>64</b>	<b>880</b>	<b>351</b>
<b>Ioncam Iarchurtha</b>	<b>1,503,224</b>	<b>1,438,602</b>	<b>773,379</b>	<b>840,146</b>	<b>719,920</b>	<b>588,207</b>	<b>-</b>	<b>-</b>	<b>9,925</b>	<b>10,249</b>
	<b>100,253</b>	<b>122,112</b>	<b>10,815</b>	<b>11,397</b>	<b>45,067</b>	<b>46,300</b>	<b>1,149</b>	<b>1,231</b>	<b>43,222</b>	<b>63,183</b>
<b>Maoinithe ag</b>										
<b>Caipiteal agus Cúlchistí</b>										
Scairchaipiteal Glaoite	194,270	194,270							194,270	194,270
Cuntas Brabúis agus Caillteanais	(94,017)	(72,158)							(94,017)	(72,158)
<b>Ciste Scairshealbhóirí</b>	<b>100,253</b>	<b>122,112</b>							<b>100,253</b>	<b>122,112</b>

## Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)


Mionsonraítear cuntais bhrabúis agus chaillteanais i Nóta 2 sna Cuntais agus tá na sleachta as an gclár comhardaithe neamhniúchta mar a shonraítear ar an gcéad leathanach eile iad.

### Sábháilteacht

#### Feidhmíocht Sábháilteachta

Léirítear sna cairteacha thíos na treochtaí trí bliana i ndáil le príomhtháscairí feidhmíochta um shábháilteacht iarnróid.

**Líon na dTraenacha a Chuaigh trí Chomhartha Baoil in aghaidh na bliana, meánlíon thar 3 bliana**



**Díráilliú agus Imbhualtí (lena n-áirítear crosaire comhréidh) in aghaidh na bliana, meánlíon thar 3 bliana**



#### Fíor 2: Treolíní Sábháilteachta 3 Bliana ar an Meán.

Laghdaíodh líon na dtraenacha a chuaigh trí chomhartha baoil de thairbhe roinnt spriocbheart, lena n-áiríodh: oiliúint tiománaíthe níos fearr agus bainistíocht inniúlachta; faisnéis sábháilteachta; grúpaí fócais; duaiseanna le haghaidh taifid ghilana tiomána; íoslódáil taifeadtaí sonraí

ó thraenacha chun teicníc tiomána a anailísiú; agus úsáid as ionsamhlóir tiománaí i gcomhair oiliúna.

Tá laghdú tagtha ar dhíráilliú traenach agus ar líon na n-imbhuailtí freisin, mar aon le teagmhais ag crosairí comhréidhe.

Mar sin féin, is cuid lárnach anois den phlean gníomhaíochta chun an riosca seo a laghdú é forairdeall níos mó ag crosairí a oibríonn na húsáideoirí agus, más féidir, na daoine sin a bhaineann mí-úsáid rialta as na crosairí a ionchúiseamh. Tá sé seo tábhachtach toisc go bhfuil clár feabhsúcháin agus athchomharthaíochta ag na crosairí ardriosca seo cóir a bheith críochnaithe. Tá roinnt ionchúiseamh ar feitheamh.

Reachtáil Iarnród Éireann láithreoireachtaí speisialta ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta in 2011 chun feasacht a mhúscailt ar na hiarmhairtí tromchúiseach a d'fhéadfadh a bheith marfach a ghabhann le húsáideoirí bóithre a bheith ag baint mí-úsáide as crosairí comhréidhe. Díriodh na láithreoireachtaí ar an úsáid a bhaineann feirmeoirí, oibríthe eile talmhaíochta agus a dteaghlach as crosairí comhréidhe tuaithe go háirithe.

#### Clár Infheistíochta um Shábháilteacht Iarnróid

Neartaíonn an Clár Infheistíochta Caipitil um Shábháilteacht Iarnróid sábháilteacht an ghréasáin in Iarnród Éireann i rith an ama. Dhírigh an Clár sa bhliain 2011 ar shócmaínní a raibh droch-chaoi orthu a ionadú agus ar chleachtais oibre a bhaineann le cúrsaí sábháilteachta a fheabhsú.

Éilíodh maoiniú státchiste €119 milliún in 2011 mar chuid den Chlár Sábháilteachta Iarnróid. Bhí siad seo a leanas i measc na móroibreacha athnuachana a críochnaíodh:

- 12 mhíle d'athnuachan riain nua agus 9 míle d'athnuachan riain athlámhe.
- 18 míle de thochailt fo-riain agus d'athnuachan foirmíochta, 95 míle de shacadh agus 380 míle de bhallastú.
- Rinneadh 95 alt riain agus 142 ceann pointe a athnuachan.
- Cuireadh 28 tionscadal gearrtha agus claífoirt i gcrích.
- Ionadaíodh 46 míle de sconsa.



## Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

- Cuireadh 50 droichead agus 24 crosaire comhréidh chun feabhais.
- Dúnadh 6 chrosaire chomhréidhe freastail agus tá 10 ndúnadh eile ar bun faoi láthair.
- Uasghrádaíodh 5 uath-chrosaire chomhréidhe leathbhacainne go crosairí faoi mhonatóireacht CCTV.

Lena chois sin, cuireadh imscrúduithe fairsinge teicniúla i gcrích, lena áiríodh sciúradh, gearradh agus imscrúduithe claífoirt, aershuirbhéanna agus forbairt caighdeán struchtúr. Coimisiúnaíodh inneall sactha nua, glantóir nua ballasta agus vaigíní nua ballasta. Bronnadh conradh le haghaidh forbartha ar Chóras Uathchosanta Traenacha do thraenacha comaitéara i gceantar Bhaile Átha Cliath. Cuireadh mórfheabhsúcháin i bhfeidhm freisin ar mheasúnú inniúlachta sa bhonneagar.

### Athbhreithniú Meántearma

Thug Iarnród Éireann faoi athbhreithniú meántearma ar thuarascáil 2009-2013. Cuireadh an dul chun cinn go dtí seo, aschur samhla riosca agus rátálacha athbhreithnithe sócmhainne, a d'eascair as eachtra Mhullach Íde go príomha agus mionchigireachtaí ina dhiaidh sin, san áireamh san athbhreithniú. Moladh san athbhreithniú an clár cúig bliana a chríochnú agus an caiteachas a athchothromú le caiteachas breise a cheadú i gcomhair struchtúr agus foirgneamh a d'fhéadfadh daoine a chur i mbaol do 2012 agus do 2013.


## Oibríochtaí Paisinéara

### Feidhmíocht Oibríocháin

Bliain an-mhaith san iomlán ba ea 2011 maidir le poncúlacht agus iontaofacht na draenacha paisinéirí. Leagtar na torthaí amach thíos de réir na mbealaí agus léirítear iontu, sa bhliain trí chéile, gur shásaigh agus gur sháraigh bealaí DART, Comaitéara agus Idirchathrach Iarnród Éireann laistigh den Stát na spriocanna a leag an tÚdarás Náisiúnta Iompair síos sa Chonradh Seirbhíse Poiblí le hIarnród Éireann.

Bhí an bealach trasteorann ina eisceacht toisc nár shásaigh sé an spriocponcúlacht 90% 0-10 nóiméad in 2011. Cuireadh tús le bearta, lena n-áirítear athbhreithnithe laethúla agus seachtainiúla ar fheidhmíocht na seirbhíse traenach trasteorann trí chomhdháil ghutháin le lucht bainistíochta NIR, d'fhoilligh poncúlacht a bhaint amach an athuair i seirbhís Enterprise in 2012.

Fíor 1. Feidhmíocht Oibríocháin



## Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

### Droichead na Dothra – Bóthar Lansdún

Rinne an dúrud báistí agus tuile áitiúil damáiste sciúrtha don droichead iarnróid thar an Dothra ag stáisiún DART Bhóthar Lansdún. Mar thoradh air seo, dúnadh an droichead láithreach bonn faoi choinne seirbhísí iarnróid tar éis do thumadóirí arna gcoimisiúnú ag IÉ an 27 Deireadh Fómhair cigireacht a dhéanamh. Rinneadh an chigireacht seo mar chuid de na gnáthchigireachtaí nua tar éis tuile a dhéantar anois de thoradh na moltaí san fhiosrúchán ar Tharbhealach Mhullach Íde.

Tosaíodh na seirbhísí DART an athuair roinnt laethanta sula rabhtas ag súil leis Dé Máirt, an 8 Samhain, tar éis clár oibreacha faoi choinne treisiú bunsraitheanna piara a rinneadh agus a d'fhormheas an Coimisiúnéir Sábháilteachta Iarnróid. Suiteáladh córas leictreonach monatóireachta freisin ar an droichead, cosúil leis an gceann a suiteáladh i Mullach Íde, chun gluaiseacht ar bith eile sa struchtúr a bhrath.

### Feabhsúcháin ar an tseirbhís do chustaiméirí

I mí na Nollag 2011, tugadh an Cárta Léime, an córas cárta chliste e-sparáin maidir le ticéadú comhtháite i mBaile Átha Cliath, isteach faoi choinne turas ar sheirbhísí DART agus Comaitéara Iarnród Éireann, mar aon le seirbhísí Bhus Átha Cliath agus Luas. Áirítear sa limistéar ina bhfuil cárta cliste do chóras ticéadaithe chomhtháite bailí bealaí uile Bhus Átha Cliath, gach líne Luas agus seirbhísí DART agus Comaitéara de chuid Iarnród Éireann i 'gcríos an aistir bhig', is é sin an limistéar a ndéanann Baile Brigín teorainn leis ó thuaidh, Maigh Nuad agus Collchoill siar uaidh agus na Clocha Liatha/Cill Chomhghaill ó dheas.

Suiteáladh Wi-Fi ar na traenacha Idirchathrach idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh agus tá sé á thabhairt isteach de réir a chéile sna traenacha eile Idirchathrach de chuid Iarnród Éireann, chomh maith leis na traenacha DART agus Comaitéara. Cinnteoidh sé seo go mbeidh nascacht Wi-Fi ar fáil do na custaiméirí ar na seirbhísí traenach uile de chuid Iarnród Éireann sa Stát.

Tá caibidlíocht ar bun i rith an ama le NIR i ndáil le Wi-Fi ar sheirbhísí traenach trasteorann Enterprise.

Thug Iarnród Éireann an córas íocaíochta guthán póca 'PayByText' isteach in 2011 le haghaidh na gcarrchlós stáisiúin uile, le háisiúlacht na gcustaiméirí a mhéadú agus leis an mbrath ar mheaisíní ticéad airgid 'íoc agus taispeáin' a laghdú.

## Tionscadail Infheistíochta Reatha

### 51 Ráilcharr Nua

Cuireadh tús le seachadadh 57 ráilcharr breise Idirchathrach (19 x aonad 3-charr) i mí na Bealtaine 2011. Coimisiúnófar na chéad fheithiclí lena n-úsáid go luath sa bhliain 2012.

Tá a leanas san áireamh i gclár úsáide na dtraenacha nua seo:

úsáid ar sheirbhísí comaitéara fo-uirbeacha amuigh idir an Longfort agus Dún Dealgan, d'fhonn an luas agus an cháilíocht do chian-chomaitéirí a fheabhsú agus d'fhonn athúsáid ráilcharranna Comaitéara d'aicme 29000 a éascú le buaicmhiniócht agus toilleadh na seirbhísí fo-uirbeacha istigh a fheabhsú de réir mar is gá.

úsáid spriocdhírthe ar bhealaí Idirchathrach le buaicmhiniócht a mhéadú ach seirbhísí lena ngabhann stadanna teoranta agus amanna turais níos gasta a thabhairt isteach le hioncam Idirchathrach a chúiteamh.

### Athchomharthaíocht Lár na Cathrach – Céim Feidhmiúcháin 1

Tá Tionscadal Athchomharthaíochta Lár na Cathrach ar bun le bunchóras comharthaíochta DART a uasghrádú. Is í seo Céim 1 de thionscadal ina bhfuil trí chéim. Nuair a chríochnófar Céim 3, ionadófar an trealamh comharthaíochta taobh bealaigh caite atá ann faoi láthair agus soláthrófar córas comharthaíochta a bheidh in ann freastal ar idirachar oibriúcháin suas le 20 traein in aghaidh na huair ar chomharthaí glasa ó thuaidh ó Stáisiún Uí Chonghaile. Coimisiúnófar Céim 1A idir Binn Éadair agus ceantar Ghabhal Bhinn Éadair, go luath in 2012. Cuirfidh críochnú na Céime seo na hidirachair chun feabhais idir Mullach Íde agus Cill Easra agus méadófar solúbthacht na ngluaiseachtaí traenach thar Ghabhal Bhinn Éadair. Méadóidh Céim 1B idir Cill Easra agus Stáisiún Uí Chonghaile i lár na bliana 2012, an t-idirachar trí Cill Easra agus go dtí an Trá Thuaidh lasmuigh de Stáisiún Uí Chonghaile, agus éascóidh sé comhéadan faoi choinne tionscadal DART faoi Thalamh sa Phort Thoir amach anseo.

## Forbairt ar Lárionad Rialaithe Tráchtá (CTC) – Céim 1: Dearadh

Críochnaíodh an dearadh imlíne le haghaidh Lárionad Rialaithe Tráchtá nua i mhí Dheireadh Fómhair 2011. Níl an áis CTC atá ann faoi láthair i Stáisiún Uí Chonghaile sách fónta le freastal ar na héilimh reatha. Tá níos mó neamhéifeachtúlachtaí oibriúcháin ag teacht chun cinn dá bharr toisc gur síneadh achar na hathchomharthaíochta dathanna solais le blianta beaga anuas. Is rithábachtach é forbairt a dhéanamh ar CTC úr le go rachfaí i ngleic leis na heasnamh seo. Tá sé ina réamhriachtanas freisin le cuid mhór de na mórthionscadail i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm ina n-íomláine, lena n-áirítear athchomharthaíocht lár na cathrach, athchomharthaíocht agus leictriú líne Mhaigh Nuad, athchomharthaíocht agus leictriú na líne Thuaidh, agus DART faoi Thalamh.

San áireamh i gCéim 1 tá forbairt ar CTC nua i Seid na nInneall Traenach atá as úsáid isteach ó Shráid Oiriail Íochtarach. Tá sé beartaithe an CTC atá ann faoi láthair a choinneáil ag feidhmiú go hiomlán nó go mbíonn an t-ionad nua ag oibriú. Ag an tráth sin, déanfar an príomhchúltaca teagmhais don líonra den CTC reatha.

Ina dhiaidh sin, d'íarr an NTA ar athbhreithniú ar scóip an tionscadail agus ar roghnú an tsuimh don CTC nua. Tá a sainchomhairleoirí féin á n-úsáid acu chun an obair atá déanta go nuige seo a mheas. Tá an obair ar an tionscadal stoptha anois. Beidh maoiniú breise ag teastáil chun an tionscadal a thosú arís in 2012 tar éis an athbhreithnithe.

## Tionscadail Infheistíochta Amach Anseo

### Tionscadal um Fheabhsú Amanna Turais

Is é an chonclúid a bhí ag Grúpa tionscadail inmheánach a rinne scrúdú ar an scóip agus ar an bhféidearthacht maidir le feabhsúcháin ar luas líne agus le laghdúithe ar am turais Idirchathrach, agus an bonneagar agus an rothstoc reatha in úsáid, go bhféadfaí am turais a laghdú faoi thimpeall 25 nóiméad ar bhealach Bhaile Átha Cliath-Chorcaí agus faoi suas le 33 nóiméad ar líne na Gaillimhe ach luasanna líne a mhéadú go 160kph nuair is féidir, dá dtabharfaí faoi oibreacha ag láithreacha éagsúla ina bhfuil srian leis an luas líne faoi láthair. Laghdódh sé seo an t-am is gasta idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh go 2 uair an chloig agus 5 nóiméad agus laghdódh sé an t-am is gasta idir Baile Átha Cliath agus Gaillimh go níos lú ná 2 uair an chloig.

Is rithábachtach é an tionscadal maidir le forbairt bhreise agus le hiomaíochas gnó paisinéirí Idirchathrach de chuid Iarnród Éireann.

## DART faoi Thalamh

Dheonaigh an Bord Pleanála an tOrdú Iarnróid an 14 Nollaig 2011. Moladh d'Iarnród Éireann roimhe seo, áfach, go gcuirfí an tionscadal DART faoi Thalamh ar feitheamh de bharr easpa airgid. Tá Athbhreithniú Breithiúnach ar an Ordú Iarnróid á iarraidh ag beirt pháirtithe. Tá an tOrdú Iarnróid ar neamhní go hiomlán dar leis an mbeirt pháirtithe ar an bhforas go bhfuil a dtalamh smolta agus nach bhfuil aon mhaoiniú ann le haghaidh an tionscadail.

Tar éis scoir an uile fhógra agus cheanglas reachtúil, dúnfar an tionscadal go foirmiúil, ach leanfaidh Iarnród Éireann ar aghaidh ag plé le fiosrúcháin tríú páirtithe agus iarratais phleanála d'fhonn an bealach agus an tOrdú Iarnróid a chosaint.

## DART go dtí an tAerfort

Chomisiúnaigh Iarnród Éireann obair ar an gcás gnó agus ar an anailís costais is tairbhe maidir leis an scéim chun an DART a shíneadh ó stáisiún Chluain Ghrifín go hAerfort Bhaile Átha Cliath trasna tailte neamhfhorbartha. Thug AECOM/Goodbody faoin obair thar ceann Iarnród Éireann. Fuarthas a dtuarascáil deiridh agus cuireadh í faoi bhráid na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an Údarás Náisiúnta Iompair.

Léiríonn na torthaí go bhfuil Glanluach Láithreach den scoth ann de bhreis ar €1 bhiliún don scéim ísealchostais DART-Aerfoirt (7.5 km) chomh maith le Ráta Toraidh Inmheánach 22.25%. Chosnódh an scéim iomlán timpeall €200 milliún agus measadh, laistigh de 15 bliana, go mbainfeadh 9.4 milliún paisinéir úsáid as síneadh an DART go dtí an t-aerfort gach bliain. Is ionann é seo agus beagnach 60% den úsáid iomlán a bhaintear as an DART in aghaidh na bliana faoi láthair. San fhadtárma, d'fhéadfaí seirbhísí leictirithe Idirchathrach a shíneadh ó na cathracha cúige go dtí an t-aerfort trí DART faoi Thalamh de réir chuspóirí TEN-T le haghaidh chroí-aerfoirt an Aontais Eorpaigh.

Cé nár sainaitníodh an tionscadal seo i gcomhair maoiniú tosaíochta faoi chreatlach an Rialtais (2012-2016), is rithábachtach go dtabharfar faoin gcéad chéim oibre eile le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath chun ailíniú roghnaithe a shainaitint lena chaomhnú i gcomhthéacs Mháistirphlean an Aerfoirt agus chun an chaoi a bhféadfadh sé seo cur le rochtain iompair phoiblí i Sord, a oibriú amach. Tá gá le himscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go gcuirfí maoiniú de chineál eile ar fáil i gcomhair an tionscadail seo i gcomhthéacs ranniocaíocht fhéideartha ó TEN-T agus pháirteachas na hearnála príobháidí.

## Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

### Forbairt Lasta Iarnróid

Ba iad seo a leanas na príomh-shruthanna tráchta i leith lasta iarnróid in 2011:

- Sincmhian ó Mhianaigh na Teamhrach go Calafort Bhaile Átha Cliath (suas le 4 lód traenach in aghaidh an lae)
- Adhmad ó Chontae Maigh Eo go muileann laín Phort Láirge (suas le 4 lód traenach in aghaidh na seachtaine)
- Traenacha coimeádáin ó Bhéal an Átha go Calafort Bhaile Átha Cliath agus go Calafort Phort Láirge (suas le 9 dtraein in aghaidh na seachtaine)

Fuair an gnó lasta atá ag teacht chun cinn an athuir deascéal eile i mí Iúil nuair a osclaíodh síneadh an rian chaoch a fhad le Calafort Bhaile Átha Cliath.

Roimh fhairsingiú an rian chaoch, rinne Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath infheistíocht €1.5 milliún. Tá an rian caoch 1.6 ciliméadar ar fad agus thóg sé sé mhí lena chríochnú.

Éascaíonn an rian caoch nua rochtain ar lasta iarnróid ar thaobh na loinge ag Cé an Aigéin. Mar sin de, níl aon ghá le lódáil agus dílódáil a dhéanamh ar Bhóthar Alexandra, agus cuirfeadh iomaíochas an lasta iarnróid go/ó chalafort Baile Átha Cliath dá bharr.

### Pleanáil Straitéiseach

#### Straitéis 2011

Le linn na bliana 2011, choimisiúnaigh Iarnród Éireann staidéar straitéise fadtéarma. Rinne AECOM/Goodbody an staidéar seo. Baineann cuid mhór de na teachtaireachtaí le straitéisí fadtéarmacha ar nós DART faoi Thalamh, leictiríú líne Mhaigh Nuad agus na líne Thuaidh, etc. D'fhéadfaí torthaí eile sa staidéar a chur i bhfeidhm sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma áfach, agus tabharfar isteach iad de réir a chéile ón mbliain 2012 ar aghaidh, macasamhail feabhsúcháin ar amanna taistil agus díriú ar mhoil chathrach.

#### Comhlíonadh rialála an Aontais Eorpaigh

Bunaíodh foireann speisialta tionscadail in 2011 chun struchtúr cuí a shainiú agus a mholadh do Bhord Iarnród Éireann le haghaidh bhainistiú ghnó iarnróid Iarnród Éireann, chun na Treoracha ábhartha ón AE a chomhlíonadh maidir le meath an mhaolaithe go hÉirinn i mí an Mhárta 2013.

### Léargas Ginearálta ar Úsáid Fuinnimh in 2011

Léirítear próifíl úsáide fuinnimh Iarnród Éireann sa tábla thíos:

Próifíl Ídithe Fuinnimh – Iarnród Éireann (MWh) (an uile fhigiúr arna slánú go dtí '00)				
Bliain	2008	2009	2010	2011
Ola dhíosail le haghaidh tarraingthe	598,600	480,100	465,900	468,300
Leictreachas le haghaidh tarraingthe	35,400	26,800	26,700	25,000
Leictreachas le haghaidh nithe eile	31,000	40,000	39,000	40,000
Gás	18,800	18,500	16,300	10,800
Iomlán	683,800	565,400	547,900	544,100
	100%	83%	80%	80%

#### Nótaí 2010-2011 (sa tábla thuas)

##### Nóta 1

Áirítear leis seo meascán céatadán RME/FAME arna thabhairt ag an iompórtálaí; b'ionann an míosúr-ráta meánach ó mhí Iúil 2009 i leith agus 1.1%. Bíonn tionchar ag an sceideal agus ag an gcineál feithicle ar úsáid breosla go príomha. Tháinig forbairt 12 M km Tona (13%) ar an ngnó lasta in 2011. Bhí 51 feithicil nua á dtiomáint lasmuigh de sheirbhís sceidealaithe in 2011 mar chuid dá gcoimisiúnú sula dtéann siad isteach i mbun seirbhíse in 2012. Athraíodh roinnt "naisc" le turais fholmha agus/nó aga feithimh a laghdú. Cuireadh uathmhúchadh fo-inneall sa chabhlach DMU 2900 i bhfeidhm.

##### Nóta 2

Laghdaíodh méideanna na dtraenacha i rith uaireanta seachbhuaice mar fhreagairt ar an éileamh laghdaithe i measc na gcustaiméirí. Coinneofar an laghdú seo go dtí go mbaineann líon na bpaisinéirí na bunfhigiúirí amach.

##### Nóta 3

Tháinig méadú beag ar líon na bpointí méadraithe ó 571 i mí Eanáir 2011 go 574 i mí na Nollag 2011.

##### Nóta 4

Réadaíodh na gnóthachain ó chórais rialaithe níos fearr i gcomhair téimh, a fritháiríodh in 2010 ag na geimhrí an-fhuara in 2009/2010 agus in 2010/2011, i dteannta monatóireacht agus rialú feabhsaithe.

## Gníomhartha ar Tugadh fúthu in 2011

Lean Iarnród Éireann ar aghaidh lena chuid oibre i dtaobh caomhnú fuinnimh ar roinnt leibhéal in 2011:

### Breosla díosail le haghaidh tarraingthe

- Tionscnaíodh clár tástála ar tháirge le próiseas a fhíorú a éilíonn go laghdaíonn sé ídiú breosla in innill fhrithingeacha díosail. Ceannaíodh an trealamh tomhais agus suiteáladh é i gceithre fheithicil iarnróid (DMUnna Comaitéara). Bhí an trealamh seo le coimisiúnú go luath in 2011, ach cuireadh moill 12 mhí air de bharr deacrachtaí teicniúla nach rabhthas ag súil leo. Tá an córas ag oibriú anois agus tá tomhais bhonnlíne á dtaifeadh. Beidh an tástáil ar siúl ar feadh seacht mí. Déanfar measúnú ar na torthaí le heolas a thabhairt don chinneadh faoi ghníomhartha amach anseo. Coigilteas féideartha 25,000 MWh in aghaidh na bliana.
- Uathmhúchadh/atosú innill traenach. Fuarthas córas dílsithe agus tá comhaontú conartha á chur i gcrích faoi láthair.
- Uathmhúchadh fo-inneall i DMUnna Comaitéara den chineál 2900. Tá coigilteas 4,500 MWh in aghaidh na bliana á bhaint amach.

### Soilsíú i gcarrchlóis

- Tugadh aghaidh ar chlár chun soilsíú díluchtaithe a ionadú le soilse fluaraiseacha ionduchtaithe i 22 carrchlós. Múchann/atosáíonn na soilse seo uathu féin trí bhraiteoirí áitíochta. Tá coigilteas de bhreis ar 250 MWh in aghaidh na bliana á bhaint amach.

### Ídiú gáis

- Rialtáin níos fearr, idir chinn uathoibríocha agus chinn láimhe.
- Baineadh coigilteas 5,500 MWh in aghaidh na bliana amach in 2011.

## Gníomhartha a Bheartaítear do 2012

Tá sé ar intinn ag Iarnród Éireann in 2012 an fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú níos mó trí na tionscnaimh a leanas a ghabháil de láimh:

### Breosla díosail le haghaidh tarraingthe

- Táirge le feidhmíocht innill fhrithingeach díosail a fheabhsú. Cuirfear clár tástála do bhreiseán breosla i bhfeidhm agus i gcrích. Faoi réir torthaí sásúla tástála, cuirfear tús leis an gclár feidhmithe a d'fhéadfadh coigilt 25,000 MWh a bhaint amach in aghaidh na bliana.
- Uathmhúchadh/atosú d'innill traenach. Faoi réir conartha, cuirfear tús in 2012 leis an gclár feidhmithe a d'fhéadfadh coigilt 6,000 MWh a bhaint amach in aghaidh na bliana.

### Soilsíú

- Feadán nua T8 a chur i bhfeidhm i bhfeistis "Switch Start" ar fud na heagraíochta le suas le 70 MWh a choigilt i mbliain iomlán.

### Rialú téimh

- Cláreagrú rialaithe teochta ar fhoirgnimh a chur i bhfeidhm d'fhonn an gá le "téitheoirí plugála isteach" breise a laghdú. Chomh maith leis sin, cláreagrú rialaithe teochta "téitheoirí plugála isteach" a chur i bhfeidhm nuair a theastaíonn siad. Coigilteas féideartha 200 MWh i mbliain iomlán.



# Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile

## Bord Stiúrthóirí

Stiúrthóirí amhail an 26 Deireadh Fómhair 2012

### Cathaoirleach

An tUasal P. Gaffney.

### Stiúrthóirí

An tUasal L. Baker, an tUasal P. Golden, an tUasal P. McGarry, an tUasal J. Moloney, an tUasal J. Nix.

### Príomhfheidhmeannach

An tUasal A. R. Fearn

### Rúnaí

An tUasal G. Finucane

### Oifig Chláraithe

Stáisiún Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath 1Guthán:  
Guthán: +353 1 836 3333  
Facs: +353 1 836 4760  
Suíomh Gréasáin: [www.irishrail.ie](http://www.irishrail.ie)

### Uimhir Chláraithe

119571

### Iniúcháirí

PricewaterhouseCoopers, Cuntasóirí Cairte agus  
Iniúcháirí Cláraithe, Aon Duga Spencer, Cé an Phoirt  
Thuaidh, Baile Átha Cliath 1.

## Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile (ar lean)



### Phil Gaffney

Ceapadh Phil Gaffney ar Bhord CIÉ agus ina Chathaoirleach ar Iarnród Éireann i mí an Mheithimh 2011. Roimhe sin, bhí sé ina stiúrthóir ar Iarnród Éireann ón mbliain 2006 amach. Innealtóir comharthaíochta iarnróid is ea Phil Gaffney. Sula ndeachaigh sé ar

scor i mí na Nollag 2005, chaith Phil 28 bliain leis an MTR i Hong Cong. I rith an ama sin, bhí sé ina Phríomhinnealtóir, ina Stiúrthóir Oibríochtaí agus ina Stiúrthóir Bainistíochta. Tá sé ina Chathaoirleach ar Choiste Sábháilteachta Bhord CIÉ. Tá sé ar Bhord Crossrail i Londain agus ar Choiste Sláinte agus Sábháilteachta Crossrail freisin.



### Paul McGarry

Abhcóide sinsearach é Paul McGarry a phléann go sonrach le dlí tráchtála, le dlí poiblí agus le dlí an Aontais Eorpaigh. Chaith sé deich mbliana mar bhall tofa d'Ardchomhairle BharranahÉireann agus bhí sí ina chathaoirleach ar chuid dá gcoistí. D'oibríodh sé mar

oifigeach leis an gCoimisiún Eorpach, agus tá sé ina bhall de Choiste Rialacha na nUaschúirteanna san am i láthair. Ina theannta sin, is toscaire buan é ar son na hÉireann chuig Comhairle Bharraí na hEorpa.



### Laetitia Baker

Is í Laetitia Baker an Ceannaire sa ghnólacht MacCarthy Baker and Company Solicitors agus is Comhalta Comhairle í den Dlí-Chumann. Tá sí gnóthach i saol an phobail in Iarthar Chorcaí. Bhí poist sinsearacha aici le UDC an Sciobairín, i gComhairle

Baile Bheanntaí agus is iar-Chathaoirleach í de Bhord Cuain Bheanntaí. Bhí sí ina Stiúrthóir ar Thurasóireacht Chorcaí-Chiarraí leis, ina ball d'Údarás RTÉ, ina stiúrthóir ar Chomhar Creidmheasa Bheanntaí, agus ina hiar-Uachtarán Náisiúnta ar Junior Chamber Ireland.



### John Moloney

Ceapadh John Moloney don Bhord i mí na Nollag 2005 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh John ag oibriú le Bus Éireann sa bhliain 1978 agus oibríonn sé i nGaráiste Thobar an

Chaipín i gCorcaigh mar thiománaí bus. Tá sé ina bhall de NBRU.



### Patricia Golden

Ceapadh Patricia Golden ar Bhord Iarnród Éireann i mí Iúil 2012. Cuntasóir Cairte í ag a bhfuil taithí 25 bliain mar lucht ardbhainistíochta i mórán cuideachtaí éagsúla. Sainchomhairleoir Airgeadais agus Rialachais Chorparáidigh is ea í faoi láthair. Tugann sí saineolas

straitéiseach i réimsí na Bainistíochta Tionscadal, Gnóthaí Corparáideacha agus Forbartha Córais. Oibríonn sí le cliaint san earnáil phoiblí, san earnáil phríobháideach agus san earnáil ilnáisiúnta. Bhíodh sí ina Ceannasaí Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus le Fondúireacht Eolaíochta Éireann.



### James Nix

Ceapadh James Nix ar Bhord Iarnród Éireann i mí Iúil 2012. Abhcóide is ea an tUasal Nix a oibríonn d'Fhondúireacht na hEorpa um an Aeráid i leith athchóiriú dlí chun beartais agus cleachtais iompair níos fearr a chruthú. Roimhe seo bhí sé ina chomhordaitheoir maidir

le Beartas Iompair agus Pleanála ag Líonra Comhshaoil na hÉireann.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann na Stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil i láthair de réir a n-oibleagáidí faoi Achtanna na gCuideachtaí agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986. Réitíodh cuntais na Cuideachta agus na nótaí gaolmhara atá mar chuid de na cuntais, agus san áireamh sa tuarascáil seo, de réir na gcaighdeán cuntais a nglactar leo go ginearálta in Éirinn.

## Príomhghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is iad príomhghníomhaíochtaí na Cuideachta seirbhísí iarnróid Idirchathrach agus Comaitéara a chur ar fáil do phaisinéirí, seirbhísí lasta a chur ar fáil agus Calafort Ros Láir a bhainistiú. Tá 100% de scairchaipiteal eisithe na Cuideachta i seilbh Chóras Iompair Éireann, ar comhlacht reachtúil iad atá faoi lánúinéireacht Rialtas na hÉireann agus a thuariscíonn chuig an Aire Iompair.

Bhí easnamh €18.8m ag an gCuideachta roimh mhuirear do mhír eisceachtúil €3.1m le haghaidh costais athstruchtúraithe a bhaineann leis an mbonn costais a chuichóiriú. Ba é €21.9m an t-easnamh iomlán don bhliain. Ba é €148.7m an fóirdheontas iomlán in 2011. Tá sé seo €6.4m níos lú ná mar a bhí sé in 2010 agus €21.9m níos lú ná mar a bhí sé in 2009. Tá ríméad ar na Stiúrthóirí a chur in iúl gur baineadh amach ina n-iomláine na spríocanna a chomhaontaítear go bliantúil idir an Chuideachta agus an NTA.

Déanann an Chuideachta monatóireacht rialta ar a feidhmíocht i rith an ama trí réimse príomhtháscairí feidhmíochta oibriúcháin agus airgeadais. Áirítear leis na hathbhreithnithe seo a dhéanann an lucht bainistíochta agus na Stiúrthóirí an aird mhór ar choigilteas costais a tugadh isteach roinnt blianta ó shin. Laghdaigh sé seo an bonn costais agus d'fheabhsaigh sé caighdeán agus éifeachtúlacht na seirbhísí don uile chustaiméir. Tá athbhreithniú mionsonraithe ar ghníomhaíocht na Cuideachta don bhliain ar fáil san Athbhreithniú ar Oibríochtaí.

## Torthaí agus Cúlchistí

Leagtar amach go mion na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 ar leathanaigh 22 go 51.

## Bainistíocht Riosca

Tá an Chuideachta tiomanta do bhainistiú riosca ar bhealach smachtaithe córasach. A bhuíochas le próiseas bainistíochta riosca uilefhiontair, sainaitnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Cuideachta agus ceaptar pleananna gníomhaíochta leis na rioscaí a mhaolú. Is príomhthosaíocht de chuid na Cuideachta i rith an ama í sábháilteacht an iarnróid agus léirítear é seo sa chlár riosca. I measc na rioscaí is tromchúisí tá siad seo a leanas: mórtheagmhais oibriúcháin; gníomhartha sceimhlitheoireachta; cailteanas cumarsáid oibriúcháin; agus teip leanúnach ar chomhlíonadh ionchais na gcustaiméirí agus na bpáirtithe leasmhara eile.

## An Bord

Rialaíonn an Bord Stiúrthóirí an Chuideachta. Is iad príomhróil an Bhoird cuspóirí straitéiseacha na Cuideachta a fhorghnó agus athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú na Cuideachta i gcoinne réimse príomhtháscairí feidhmíochta. Tagann an Bord le chéile naoi n-uaire ar a laghad gach bliain, agus bíonn clár ábhar le formheas ag an mBord.

## Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit

Is tosaíocht i rith an ama ag Stiúrthóirí Iarnród Éireann ardcaighdeán rialachais chorparáidigh a chothabháil. Tá beartas rialachais chorparáidigh curtha i dtoll a chéile ag an mBord le go dtabharfar éifeacht don Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais.

Leagtar amach sonraí faoi na beartais agus faoi na nósanna imeachta a chuir an Chuideachta i bhfeidhm tar éis fhoilsiú na cáipéise, Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit, i dtuarascáil bhliantúil Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

## Beartas Drugaí agus Alcóil

De réir an Achta um Shábháilteacht Iarnróid (2005), rinne Iarnród Éireann tuilleadh coigeartuithe dearfacha breisíochta ar ár mBeartas Drugaí agus Alcóil a comhaontaíodh. Cinntíonn na hathruithe a comhaontaíodh trí phróséas comhairliúcháin lenár bhfoireann agus le ceardchumainn go gcomhlíontar ceanglais reachtaíochta, agus éascaíonn siad athrú seasta cultúrtha ag an am céanna.

Cuireadh córas feabhsaithe tástála i bhfeidhm go rathúil in earrach na bliana 2010. Tugann sé tacaíocht do thréanchóras bainistíochta sábháilteachta san eagraíocht trína chur chuige randamach i leith na tástála. Ó mhí an Mhárta 2010 i leith, tástáladh 300 duine ar bhonn randamach gan choinne.

Rinneadh tuilleadh feabhsúcháin ar an bpróséas iomlán tástála in 2011. Baineadh feidhm as Aonad Soghluaiste Tástála. De bharr na forbartha seo, is féidir cianoibrithe lasmuigh ar nós oibrithe riain nó coimeádaithe crosairí comhréidhe a chur san áireamh i bpróisis randamacha tástála gan choinne.

Tugadh Pacaí nua Tástála ag Láthair an Chúraim isteach freisin. Is féidir anailís ar an láthair a dhéanamh ar shamplaí múin le linn Tástáil Iar-Eachtra nó Tástála ar Chúis Réasúnta de thoradh na bpacáí seo. Mar gheall air seo, ní gá daoine a bhaint ó ról mhórfhreagrachta sábháilteachta ar feitheamh anailís saotharlainne agus dheimhniú agus fhilleadh na dtorthaí, rud a choiglinn níos mó airgid.

## Bainistiú Feidhmíochta

Thug an Príomhoifigeach Feidhmíochta an Córas Bainistíochta Feidhmíochta atá ag Iarnród Éireann isteach an athuair go foirmiúil sa chéad chruinniú den Ghrúpa Comhdhála Feidhmíochta i mí Eanáir 2012. Seo a leanas na cuspóirí atá ag tabhairt isteach an Chórais Bhainistíochta Feidhmíochta an athuair:

- An Córas Bainistíochta Feidhmíochta a ailíniú le seachadadh na gcuspóirí corparáideacha
- Cuspóirí corparáideacha a chur san áireamh i gcuspóirí rannacha agus tacú le Pleananna Aonair Feidhmíochta
- Nasc foirmiúil a bhunú idir forbairt phearsanta agus rannpháirtíocht sa Chóras Bainistíochta Feidhmíochta
- Breithmheas agus athbhreithniú foirmiúil a leabú
- Pleanáil comharbais a shainiú agus a chumasú

## Caidreamh Tionsclaíoch

Bliain an-deacair eile ba ea 2011 d'Iarnród Éireann ó thaobh na sriantachta airgeadais atá orainn. Fearacht gnólachtaí ar bith eile, is cuid mhór dár gcostais oibriúcháin iad na costais saothair. Cuireadh tionscnaimh éagsúla chun tosaigh d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh sa bhille párolla seo. D'éirigh linn líon na mball foirne a laghdú i gcaitheamh na bliana, ó 4,254 duine anuas go 4,129 duine; laghdú 125 duine is ea seo. Cé nach bhfuil an laghdú seo chomh mór leis na blianta roimhe seo, is figiúr suntasach é nuair a chuirtear an cóimheas atá ag dul i laghad go gasta maidir le foireann in aghaidh leibhéal seirbhíse, san áireamh. Tá sé tábhachtach freisin nuair a chuimhnítear ar na deiseanna níos teoranta atá ann faoi láthair chun teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn agus ar an timpeallacht an-chobhsaí um chaidreamh tionsclaíoch a bhí le sonrú i rith na bliana.

## Caidreamh leis na Fostaithe

In ainneoin na drochstaide atá ar an ngeilleagar, rinne Iarnród Éireann dul chun cinn in 2011 i dtaca le tionscnaimh agus eispéiris dhearfacha maidir leis an gcaidreamh leis na fostaithe. Tionscnamh dearfach amháin ba ea Lámhleabhar na bhFostaithe a bhí an-fhorásach. Tugann an foilseachán faisnéis luachmhar phraiticiúil dár gcomhghleacaithe faoi bheartais/nósanna imeachta, teidlíochtaí reachtúla agus tionscnaimh i ndáil le cothromaíocht oibre is saoil. Tá léargas ginearálta cuimsitheach ar na feidhmeanna éagsúla san eagraíocht curtha ar fáil freisin. Foinse luachmhar faisnéise is ea é don uile fhostaí.

## Rialú Inmheánach

Tá Grúpa um Athbhreithniú Iniúchta ceaptha ag Bord Iarnród Éireann le hathbhreithniú a dhéanamh ar na cuntais bhliantúla, ar rialuithe inmheánacha agus ar chúrsaí comhlíonta, ar éifeachtacht iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh agus ar bhainistíocht riosca. Chomh maith leis sin, cheap an Bord Grúpa Comhairleach Innealtóireachta le monatóireacht a dhéanamh ar athnuachan bonneagair, agus le bainistiú tionscadail a dhéanamh ar na tionscadail mhóra bhonneagair, chomharthaíochta, leictreacha agus teileachumarsáide, chomh maith le cúrsaí feidhmíochta. Tugann an Grúpa Comhairleach Sábháilteachta cúnamh don Bhord le monatóireacht a dhéanamh ar na réimsí tábhachtacha

## Tuarascáil na Stiúrtóirí (ar lean)

gnó seo. Leagtar amach níos mó sonraí faoi chóras na cuideachta um rialú inmheánach i dtuarascáil bhliantúil Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

### Faisnéis

Scaiptear tuarascálacha agus páipéir rialta ar na Stiúrtóirí go tráthúil mar ullmhúchán do chruinnithe Boird agus Coiste. Bíonn faisnéis bhreise i dteannta na bpáipéar seo a iarrann na Stiúrtóirí lena haghaidh go sonrath ó am go ham.

Faigheann na Stiúrtóirí neamhfheidhmiúcháin cuntais thréimhsiúla bhainistíochta agus tuarascálacha agus faisnéis rialta bhainistíochta a chuireann ar a gcumas feidhmíocht na cuideachta agus na mbainisteoirí a iniúchadh in aghaidh cuspóirí comhaontaithe.

### Gnóthas Leantach

Tá an Bord Stiúrtóirí sásta go mbeidh dóthain acmhainní ag an gcuideachta chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó go ceann i bhfad, in ainneoin go bhfuil roinnt neamhchinnteachtaí ann. Dá bhrí sin, leanann siad orthu ag glacadh le bunús ‘an ghnóthais leantaigh’ i leith ullmhú na gcuntas. Nóta 1: Déanann “Gnóthas Leantach” aghaidh a thabhairt ar na neamhchinnteachtaí sin agus conclúidí na Stiúrtóirí i ndáil leis an ngnóthas leantach a achoimriú.

### Leabhair Chuntais

Tá sé curtha in iúl ag na Stiúrtóirí gur chomhlíon siad a ndualgas maidir le leabhair chuntas iomchuí a choimeád trí chórais agus nósanna imeachta cuí a úsáid agus trí fhoireann ag a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha a fhostú. Coinnítear na leabhair chuntas ag ceannoifig na Cuideachta i Stáisiún Uí Chonghaile, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.

### An tAcht um Shábháilteacht Iarnróid 2005

Feidhmíonn Iarnród Éireann i gcónaí de réir an Achta um Shábháilteacht Iarnróid 2005.

### Na Rialacháin um Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála 2002

Tuigeann na Stiúrtóirí a bhfreagracht maidir le comhlíonadh fhorálacha na Rialachán um Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála 2002 a chinntiú, i ngach ngné ábhartha. Cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun na dátaí a shainnigh ar a mbíonn sonraisc dlite agus lena chinntiú go n-íoctar iad faoi dhátaí áirithe. Tugann na nósanna imeachta seo dearbhú réasúnta in aghaidh neamh-chomhlíonadh ábhartha le rialacháin.

### Stiúrtóirí

Ceapann an tAire Iompair Stiúrtóirí na Cuideachta. Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina Stiúrtóirí i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2011 nó a ceapadh ó shin leagtha amach thíos. Ba Stiúrtóirí iad ar feadh na bliana iomláine seachas aon áit ina bhfuil a mhalairt léirithe.

**Phil Gaffney (Cathaoirleach)** Ceaptha ina Chathaoirleach an 29/06/2011

**An Dr John Lynch (Iar-Chathaoirleach)** Athcheaptha an 29 Márta 2011, imithe ar scor an 28 Meitheamh 2011

**Laetitia Baker**

**Mick Cullen** Imithe ar scor an 4 Deireadh Fómhair 2012

**Michael Giblin** Imithe ar scor an 17 Bealtaine 2012

**Patricia Golden** Athcheaptha an 30 Iúil 2012

**Paul McGarry** Ceaptha an 8 Márta 2011

**John Moloney**

**James Nix** Ceaptha an 30 Iúil 2012

**Cliff Perry** Imithe ar scor an 17 Bealtaine 2012

**Dearbhalla Smyth** Imithe ar scor an 17 Bealtaine 2012



Tinreamh Stiúrthóirí an Bhoird ag Cruinnithe Boird in 2011	
Stiúrthóir	Cuntas Tinrimh Bhoird Iarnród Éireann
Phil Gaffney	9/9
John Lynch	5/5
Laetitia Baker	7/9
Mick Cullen	9/9
Michael Giblin	8/9
Paul McGarry	5/7
John Moloney	7/9
Cliff Perry	9/9
Dearbhalla Smyth	9/9

Ní raibh aon leas in aon scaireanna ná bintiúir de chuid na Cuideachta, a Cuideachta Sealbhaíochta ná a fochuideachtaí ag aon duine de na Stiúrthóirí ag aon am le linn na bliana. Ní dheachthas i mbun aon chonarthaí ná socruithe ábhartha i rith na bliana i ndáil le gnó an Ghrúpa ina raibh leas ag Stiúrthóir. Tá gnáthscair amháin i seilbh Rúnaí na Cuideachta mar ainmní de chuid Bhoird Chóras Iompair Éireann.

## Rúnaí na Cuideachta

Fostaí lánaimseartha de chuid mháthairchuideachta na Cuideachta, Córas Iompair Éireann, atá i Rúnaí na Cuideachta. Tá Rúnaí na Cuideachta freagrachas comhairle a thabhairt don Bhoird, tríd an gCathaoirleach, maidir leis na cúrsaí rialachais go léir. Tá fáil ag na Stiúrthóirí uile ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta. Foráiltear le hAirteagail Chomhlachais na Cuideachta gur ábhar do na Stiúrthóirí é Rúnaí na Cuideachta a cheapadh agus a chur as oifig.

## Iníúchóirí

Tá sé léirithe ag na hiniúchóirí, PricewaterhouseCoopers, Cuntasóirí Cairte agus Iníúchóirí Cláraithe, gur mian leo leanúint in oifig de réir alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an Bhoird

**An tUasal Phil Gaffney** Cathaoirleach  
**An tUasal Laetitia Baker** Stiúrthóir

An 26 Deireadh Fómhair 2012

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí infheidhme na hÉireann agus cleachtas cuntasáíochta a bhfuil glacadh ginearálta leis in Éirinn, lena n-áirítear na caighdeáin chuntasáíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasáíochta agus arna bhfoilsíú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Éilíonn dlí na gcuideachtaí in Éirinn ar Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, a thugann léargas fírinneach cóir ar staid chúrsaí na Cuideachta agus ar bharrachas nó ar easnamh na Cuideachta don bhliain sin.

Ceanglaítear ar na Stiúrthóirí na nithe seo a leanas agus na ráitis airgeadais seo á gcur i dtoll a chéile:

- beartais chuí chuntasáíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé neamhchuí a thiomhdiú go leanfaidh an Chuideachta ar aghaidh i mbun gnó.

Dearbhaíonn na Stiúrthóirí gur chomhlíon siad na riachtanais thuas agus na ráitis airgeadais á réiteach.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntas íomchuí a choinneáil, a nochtann go réasúnta cruinn ag aon tráth staid airgeadais na Cuideachta agus a ligeann dóibh a chinntiú gur réitíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasáíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus go gcloíonn siad le ceanglais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012. Tá freagracht orthu chomh maith as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus as céimeanna réasúnta a thabhairt le calaois agus le mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.



*Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Córas Bainistíochta Feidhmíochta atá ag Iarnród Éireann isteach an athuair go foirmiúil sa chéad chruinniú den Ghrúpa Comhdhála Feidhmiúcháin i mí Eanáir 2012.*



# Tuarascáil na nIníúchóirí

## Tuarascáil na nIníúchóirí Neamhspleácha do Bhaill - Iarnród Éireann

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais Iarnród Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011. San áireamh sna Ráitis Airgeadais seo tá Cuntas Brabúis agus Cailteanais, an Clár Comhardaithe, Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, na Beartais Chuntasaíochta agus na nótaí gaolmhara. Cuireadh na ráitis airgeadais seo i dtoll a chéile de réir na mbeartais chuntasaíochta a leagtar amach sa Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar leathanaigh 22 go 24.

## Freagrachtaí faoi seach na Stiúrthóirí agus na nIníúchóirí

Tá freagrachtaí na Stiúrthóirí i leith tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí infheidhme na hÉireann agus caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfoilsíú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn) leagtha amach ar leathanach 19 sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí.

Is é an fhreagracht atá orainn na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir ceanglais ábhartha dlí agus rialála agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Ullmhaíodh an tuarascáil seo, an tuairim san áireamh, do bhaill na Cuideachta mar chomhlacht amháin de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus ní ar aon chúis eile. Ní ghlacaimid, agus sinn ag léiriú na tuairime seo, freagracht as aon chuspóir eile ná d'aon duine eile a dtaispeántar nó a dtugtar an tuarascáil seo dóibh ach amháin má thugaimid ár dtoilíú roimh ré i scríbhinn.

Tugaimid tuairisc daoibh i dtaobh ár dtuairime faoi cibé acu an dtugtar nó nach dtugtar léiriú fíor cothrom sna ráitis airgeadais agus faoi cibé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh i gceart iad de réir reacht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012. Sonraímid cibé acu an bhfuair eamarnó nach bhfuair eamarnó an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaíonn uainn inár n-iníúchadh agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntas. Tuairiscímid ár dtuairim daoibh chomh maith i leith:

- cibé acu ar choinnigh nó nár choinnigh an Cuideachta

leabhair chuntas iomchuí;

- cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis i dTuarascáil na Stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais; agus
- cibé acu an raibh nó nach raibh cás airgeadais ann ag dáta an chláir chomhardaithe ina mbeadh gá don Cuideachta cruinniú ginearálta urghnách a ghairm; d'fhéadfadh cás airgeadais mar sin bheith ann murar ionann glansócmhainní na Cuideachta, faoi mar a shonraítear i gclár comhardaithe na Cuideachta, agus níos mó ná leath de mhéid a scairchaipitil ghlaioite.

Tugaimid tuairisc daoibh freisin mura dtugtar, inár dtuairim féin, aon fhaisnéis a shonraítear sa dlí i ndáil le luach saothair na Stiúrthóirí agus le hidirbhearta na Stiúrthóirí, agus más féidir, déanaimid an fhaisnéis sin a chur inár dtuarascáil.

Léimid an t-ábhar eile sa tuarascáil bhliantúil le deimhniú cibé acu ar tháinig nó nár tháinig sé leis na ráitis airgeadais a ndearnadh iniúchadh orthu. Ní chuimsíonn an fhaisnéis eile seo ach Tuarascáil na Stiúrthóirí agus an tAthbhreithniú ar Oibríochtaí. Déanaimid breithniú ar na himpleachtaí a bheadh i ndán dár dtuarascáil má chuirtear ar an eolas sinn go bhfuil aon mhíríteas follasach nó aon ábhar neamhréireach sna ráitis airgeadais.

## Bunús na Tuairime Iniúchta

Thugamar faoinár n-iníúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtas Iniúchóireachta. Áirítear le hiniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise lena mbaineann suimeanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais. Ina theannta sin, áirítear measúnú leis an iniúchadh ar na meastacháin agus ar na breithiúnais thábhachtacha a thug na Stiúrthóirí i rith ullmhú na ráiteas airgeadais, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chás na Cuideachta, curtha i bhfeidhm go leanúnach agus nocht go cuí.

Phleanálar agus thugamar faoinár n-iníúchadh d'fhonn an fhaisnéis agus na mínithe uile a fháil a shíleamar a bhí riachtanach chun dóthain fianaise a chruthú le cinntiú nach bhfuil míráiteas ábhartha, bíodh calaois nó neamhrialtacht nó earráid eile ina mbonn leis, sna ráitis airgeadais. Agus ár dtuairim á cruthú againn, rinneamar measúnú freisin ar oiriúnacht iomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

## Tuarascáil na nIníúcháirí (ar lean)

### Tuairim

Is é ár dtuairim é go bhfuil na nithe seo a leanas fíor faoi na ráitis airgeadais:

- go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar staid ghnóthaí na Cuideachta amhail an 31 Nollaig 2011; agus
- ar a chailteanas agus ar a shreafaí airgid don bhliain atá thart agus gur ullmhaíodh iad i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uainn inár n-iníúchadh. Is é ár dtuairim é gur choimeád an chuideachta leabhair chuntas iomchuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntas.

Táimid den tuairim go bhfuil an fhaisnéis i dtuarascáil na Stiúrtóirí ar leathanaigh 14 go 17 i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

Is ionann glansócmhainní na Cuideachta, faoi mar a shonraítear sa chlár comhardaithe ar leathanach 27, agus níos mó ná leath de mhéid a scairchaipitil ghlaioite, agus ar an mbonn sin táimid den tuairim nach raibh aon chás airgeadais ann an 31 Nollaig 2011 a cheanglódh tionól chruinniú ginearálta urghnách na Cuideachta, de réir Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983.

### Béim ar ábhar – Gnóthas leantach

Le linn dúinn teacht ar ár dtuairim faoi na ráitis airgeadais, nach bhfuil cáilithe, rinneamar breithniú ar leorgacht an nochta a rinneadh i Nóta 1 leis na Ráitis Airgeadais maidir le cumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Thabhaigh an Chuideachta glanchailteanas €21.9 milliún le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2011 agus, tráth an dáta sin, bhí glansócmhainní darbh fhiú €100.3 milliún agus glandliteanais reatha darbh fhiú €194.9 milliún ag an gCuideachta.

Mar a leagtar amach i Nóta 1 leis na Ráitis Airgeadais seo, léirítear i réamh-mheastacháin reatha an lucht bainistíochta go dtabhóidh an Chuideachta tuilleadh easnamh idir 2012 agus 2015, agus go mbainfidh sí brabús amach arís in 2016. Mar gheall ar na heasnaimh airgid sin, beidh gá le maoiniú breise a fháil ó Ghrúpa CIÉ. Cuirtear in iúl i Nóta 1 de chuntais Ghrúpa CIÉ go bhfuil CIÉ i mbun idirbheartaíochta lena bhaincêirí i ndáil le

hathnuachan a áiseanna reatha bainc atá le hathnuachan idir mí Eanáir 2013 agus mí Dheireadh Fómhair 2013. Tá CIÉ i mbun caibidlíochta freisin leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le Baincêirí an Ghrúpa maidir leis an gcistiú breise a bheidh ag teastáil. Níor cuireadh na pléití seo i gcrích faoin am a formheasadh na ráitis airgeadais seo.

Cuireann na coinníollacha seo, mar aon leis na nithe eile a mhínítear i Nóta 1 leis na Ráitis Airgeadais, in iúl go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a d'fhéadfadh amhras a chruthú maidir le cumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Níl coigeartuithe san áireamh sna ráitis airgeadais a bheadh le sonrú mura mbeadh an Chuideachta in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

#### Teresa Harrington

Le haghaidh agus thar ceann PricewaterhouseCoopers Cuntasóirí Cairte agus Iníúcháirí Cláraithe, Baile Átha Cliath

An 1 Samhain 2012

- Tá an Bord freagrach as cothabháil agus sláine shuíomh gréasáin Bus Éireann; níl breithniú na n-ábhar sin san áireamh san obair a dhéanann na hiniúcháirí agus, dá réir sin, ní ghlacann na hiniúcháirí aon fhreagracht as aon athruithe féideartha ar na ráitis airgeadais ó cuireadh ar an suíomh gréasáin iad i dtús báire.
- D'fhéadfadh an reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn réiteach agus scaipeadh ráiteas airgeadais a bheith dífriúil ó reachtaíocht i ndlínsí eile.



# Príomhbheartais Chuntasaíochta

Mar seo a leanas iad na beartais thábhachtacha chuntasaíochta agus na teicnící meastacháin arna nglacadh ag an gCuideachta:

## (A) Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán chuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éirinn agus reacht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012. Is ionann caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éirinn a úsáidtear in ullmhú ráiteas airgeadais a thugann léargas fírinneach cóir agus iad sin arna bhfoilsíú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Glactar le Dubel Limited, atá ina bhfochuideachta faoi lánúinéireacht, mar bhrairse d'Iarród Éireann-Irish Rail chun críocha cuntasaíochta.

Tá athchóiriú déanta ar chomparáidí na bliana roimhe seo chun teacht le cur i láthair na bliana reatha.

## (B) Ioncam

Cuimsíonn ioncam oll-luach na seirbhísí a sholáthraítear.

## (C) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

### (i) Línte agus oibreacha iarrnóid

Tá gréasán córas i gceist le línte agus oibreacha iarrnóid. Meastar gurb ionann caiteachas ar an ngréasán atá ann cheana, a chothaíonn an ábaltacht oibriúcháin de réir caighdeáin shainmhínithe seirbhíse, mar bhreis ar shócmhainní seasta inláimhsithe agus áirítear é ar a chostas i ndiaidh deontais a bhaint.

Is ionann an muirear dímheasa do línte agus oibreacha iarrnóid atá ann cheana agus leibhéal measta an chaiteachais bhliantúil atá riachtanach chun ábaltacht oibriúcháin an ghréasáin a choinneáil atá bunaithe ar phlean bainistíochta sócmhainní na Cuideachta.

Meastar gurb ionann caiteachas ar an ngréasán, a mhéadaíonn a chumas nó a fheabhsaíonn a ábaltacht oibriúcháin, agus breis ar shócmhainní seasta inláimhsithe ar a chostas agus dímheastar é ar feadh a shaolré fóna.

### (ii) Rothstoc iarrnóid

Déantar dímheas ar innill iarrnóid (seachas iad sin a dhímheastar go hiomlán nó a gnóthaíodh gan costas a íoc), trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn a gcostais stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fóna measta.

Déantar dímheas ar railcharranna, ar stoc cóistí agus ar vaiginí chomh maith, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a saolréanna fóna measta.

### (iii) Feithiclí lasta bóthair

Déantar dímheas ar na sócmhainní seo ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fóna measta trí úsáid a bhaint as suim an mhodha dhigitigh.

### (iv) Dugaí, calafoirt agus calaí; gléasra agus innealra; trealamh seirbhísí lónadóireachta

Déantar dímheas ar na ranguithe sócmhainne thuas trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fóna measta.

### (v) Talamh agus foirgnimh

Déantar dímheas ar fhoirgnimh, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar shaolré de chaoga bliain. Áirítear luach de réir leabhar na talún agus na bhfoirgneamh atá ar díol agus ar cosúil go ndiúscrófar iad sa dhá mhí dhéag atá le teacht sna sócmhainní reatha de réir mar is cúí.

## (D) Sócmhainní ar Léas

### (i) Léasanna airgeadais

Tugtar cuntas ar shócmhainní a choimeádtar faoi léasanna airgeadais de réir SSAP 21 (Ag Tabhairt Cuntais ar Léasanna agus Conarthaí Fruilcheannaigh). Tá costas caipitil na sócmhainní sin san áireamh le sócmhainní inláimhsithe agus déantar é a dhímheas thar an tréimhse is giorra de théarma an léasa nó thar shaolré fhóna mheasta na sócmhainne. Áirítear mír chaipitiúil na n-oibleagáidí léasa gan íoc leis na creidiúnaithe. Déantar muirir airgeadais a mhuirear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais thar phríomhthréimhse an léasa.

### (ii) Léasanna oibriúcháin

Déantar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin a mhuirear chuig an gcuntas Brabúis agus Caillteanais de réir mar a thabhaítear iad.

## (E) Stoic

Déantar luacháil ar stoic ábhar agus ar pháirteanna spártha ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé acu is lú.

Díscríobhtar stoic arb eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i leith stoc a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

## (F) Deontais an Aontais Eorpaigh agus an Stáit

### (i) Deontais do línte agus oibreacha iarnróid atá ann cheana

Baintear deontais a fhaightear do línte agus oibreacha iarnróid atá ann cheana ó chostas na sócmhainní gaolmhara.

Níl an beartas eodéir Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 a éilíonn sócmhainní seasta inláimhsithe a bheith léirithe ar a gcostas agus deontais agus ranníocaíochtaí mar ioncam iarchurtha dá réir. Is riachtanach

an t-imeacht seo ó cheanglais Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 i dtuairim na Stiúrthóirí, chun go dtaispeánfaidh na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir toisc nach bhfuil saolta inchinntithe ag na línte agus oibreacha iarnróid seo agus, dá bhrí sin, níl aon bhunús ann ina bhféadfaí deontais agus ranníocaíochtaí a shainaithe mar ioncam iarchurtha.

### (ii) Deontais do chaiteachas caipitil eile

Déantar deontais do chaiteachas caipitil eile a chur chun sochair ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas Brabúis agus Caillteanais ar an mbonn céanna agus a dhéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

### (iii) Deontais ioncaim

Tugtar deontais ioncaim chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais sa bhliain ina mbíonn siad infhála.

### (iv) Deontais infheistíochta sábháilteachta

Déantar deontais infheistíochta sábháilteachta a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais trí thagairt don Chlár Infheistíochta Sábháilteachta.

## (G) Airgeadra Eachtrach

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra eachtrach go euro ag an ráta a bhíonn i mbun rialú ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na méideanna iníochta nó infhála clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Glactar le caillteanais nó gnóthachain mhalartaithe réadaithe ar idirbhearta a socraíodh i gcaitheamh na bliana mar chuid den bharrachas nó den easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid ainmnithe in airgeadraí eachtracha ag na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ar an dáta a luaitear sa chlár comhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

## Príomhbheartais Chuntasaíochta (ar lean)

### (H) Pinsin

Déantar an costas a bhfuil coinne leis i dtaobh pinsin a chur ar fáil d'fhostaithe a mhúirear chuig an gCuntas Brabúis agus Caillteanais mar a thabhaítear é thar thréimhse fostaíochta na bhfostaithe inphinsin. Ríomhtar an costas, le tairbhe comhairle ó achtúirí neamhspleácha, ag céatadán den phá inphinsin a mheastar a bheith cobhsaí. Leatar athraithigh ó chostais phinsin rialta, a shainaithnítear i luachálacha achtúireacha tréimhsiúla, thar na meánsaoil seirbhíse a mheastar atá fágtha ag baill na scéime.

Soláthraítear le haghaidh chostas caipitil na dtairbhí a ghabhann le pinsin fhorlíontacha agus déantar é a mhúirear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais sa bhliain ina dtugtar na tairbhí feabhsaithe.

### (I) Costais Bhonneagair Iarnróid

De réir Threoir 91/440 ó Chomhairle an AE, éilítear ar Iarnród Éireann a chinntiú go gcoimeádtar na cuntais do ghnó na seirbhísí iompair agus iad sin do ghnó bhainistíocht an bhonneagair iarnróid ar leithligh. Cinntear na costais bhonneagair de réir Iarscríbhinn 1.A. de Rialachán an AE, Uimh. 2598/70.



*Lean Iarnród Éireann ar aghaidh lena chuid oibre i dtaobh caomhnú fuinnimh ar roinnt leibhéal in 2011.*



# Cuntas Brabúis agus Cailteanais

	Nóta	Oibríochtaí Leanúna-cha roimh Mhíreanna Eis-ceachtúla			Oibríochtaí Leanúna-cha roimh Mhíreanna Eis-ceachtúla		
		Iomlán 2011 €000	Mír Eis-ceachtúil Oibríocháin 2011 €000	Mír Eis-ceachtúil Mhíreanna Eis-ceachtúla 2011 €000	Iomlán 2010 €000	Míreanna Eis-ceachtúla Oibríocháin 2010 €000	Míreanna Eis-ceachtúla 2010 €000
<b>Ioncam</b>		<b>185,802</b>	-	<b>185,802</b>	190,185	-	190,185
<b>Costais</b>							
Párolla agus costais ghaolmhara	3	(226,020)	(2,389)	(223,631)	(256,711)	(21,784)	(234,927)
Ábhair agus seirbhísí	4	(108,467)	(694)	(107,773)	(105,370)	-	(105,370)
Dímheas lúide amúchadh deontais chaipitil	6	(33,166)	-	(33,166)	(29,161)	-	(29,161)
<b>Costais oibríocháin iomlána</b>		<b>(367,653)</b>	<b>(3,083)</b>	<b>(364,570)</b>	<b>(391,242)</b>	<b>(21,784)</b>	<b>(369,458)</b>
(Cailteanas)/brabús ar dhiúscairt sócmhainní inlámhsithe	7	(130)	-	(130)	179	-	179
<b>Easnamh roimh ús agus deontais Stáit</b>		<b>(181,981)</b>	<b>(3,083)</b>	<b>(178,898)</b>	<b>(200,878)</b>	<b>(21,784)</b>	<b>(179,094)</b>
Ús iníoctha							
- oibríoch	8	(2,020)	-	(2,020)	(1,717)	-	(1,717)
- bonneagar iarnróid	8	(1,139)	-	(1,139)	(951)	-	(951)
<b>Ús iomlán</b>		<b>(3,159)</b>	-	<b>(3,159)</b>	<b>(2,668)</b>	-	<b>(2,668)</b>
<b>Easnamh don bhliain roimh dheontais Stáit</b>		<b>(185,140)</b>	<b>(3,083)</b>	<b>(182,057)</b>	<b>(203,546)</b>	<b>(21,784)</b>	<b>(181,762)</b>
Deontais stáit - Oibleagáid							
Seirbhíse Poiblí	9	148,683	-	148,683	155,137	-	155,137
Deontais stáit - deontas sábháilteachta iarnróid	9	14,598	-	14,598	12,378	-	12,378
<b>Easnamh don bhliain</b>	20	<b>(21,859)</b>	<b>(3,083)</b>	<b>(18,776)</b>	<b>(36,031)</b>	<b>(21,784)</b>	<b>(14,247)</b>

Baineann na figiúirí go léir le gníomhaíochtaí leantacha na Cuideachta.

Ní raibh aon ghnóthachain ná cailteanais aitheanta eile seachas iad siúd a áiríodh sa Chuntas Brabúis agus Cailteanais.

Thar ceann an Bhoird

**An tUasal Phil Gaffney** Cathaoirleach

**An tUasal Laetitia Baker** Stiúrthóir



# Clár Comhardaithe

		2011 €000	2010 €000
<b>Amhail an 31 Nollaig</b>	<i>Nótaí</i>		
<b>Sócmhainní seasta</b>			
Sócmhainní inláimhsithe	10	1,866,500	1,786,445
Sócmhainní airgeadais	11	20	20
		<b>1,866,520</b>	<b>1,786,465</b>
<b>Sócmhainní reatha</b>			
Stoic	12	49,941	40,981
Féichiúnaithe	13	43,439	88,118
Cúlchnapanna airgid		313	320
		<b>93,693</b>	<b>129,419</b>
<b>Creidiúnaithe</b> (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)	14	<b>(288,548)</b>	<b>(283,274)</b>
<b>Glandliteanais reatha</b>		<b>(194,855)</b>	<b>(153,855)</b>
<b>Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha</b>		<b>1,671,665</b>	<b>1,632,610</b>
<b>Creidiúnaithe</b> (suimeanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin)	15	<b>(11,917)</b>	<b>(16,165)</b>
<b>Soláthar do dhliteanais agus do mhuirir</b>	17	<b>(56,271)</b>	<b>(55,730)</b>
<b>Ioncam iarchurtha</b>	18	<b>(1,503,224)</b>	<b>(1,438,603)</b>
		<b>100,253</b>	<b>122,112</b>
<b>Arna maoiniú acu seo a leanas:</b>			
<b>Caipiteal agus cúlchistí</b>			
Scairchaipiteal glaoite	19	194,270	194,270
Cuntas Brabúis agus Cailtleanais	20	(94,017)	(72,158)
Cistí scairshealbhóirí	20	100,253	122,112

Thar ceann an Bhoird

**An tUasal Phil Gaffney** Cathaoirleach

**An tUasal Laetitia Baker** Stiúrthóir

## Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

		2011 €000	2010 €000
<b>Amhail an 31 Nollaig</b>	<i>Nótaí</i>		
<b>Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>	21(A)	5,321	11,055
<b>Fónamh a dhéanamh ar airgeadas</b>			
Ús íoctha	8	(2,158)	(1,310)
Mír úis de chíosanna léas airgeadais	8	(1,001)	(1,358)
<b>Glan-eis-sreabhadh airgid ó fhónamh a dhéanamh ar airgeadas</b>		<b>(3,159)</b>	<b>(2,668)</b>
<b>Gníomhaíochtaí infheistíochta</b>			
Ceannach sócmhainní inláimhsithe		(352,735)	(325,709)
(Costas díolacháin)/díol sócmhainní inláimhsithe		(127)	214
Deontais chaipitil		323,375	342,607
<b>(Eis-sreabhadh)/insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta</b>		<b>(29,487)</b>	<b>17,112</b>
<b>(Eis-sreabhadh)/insreabhadh glan airgid roimh bhainistiú ar acmhainní leachtacha agus maoiniú</b>	21(B)	<b>(27,325)</b>	<b>25,499</b>
<b>Bainistiú ar acmhainní leachtacha</b>	21(B)	<b>35,118</b>	<b>(20,645)</b>
<b>Maoiniú</b>			
Mír chaipitiúil de chíosanna léas airgeadais		(3,958)	(3,805)
<b>Glan-eis-sreabhadh airgid ó Mhaoiniú</b>	21(B)	<b>(3,958)</b>	<b>(3,805)</b>
<b>Méadú ar airgead sa bhliain</b>	21(B)	<b>3,835</b>	<b>1,049</b>
<b>Réiteach glansreafa airgid chuig gluaiseacht i nglanfhiach</b>			
Méadú ar airgead sa bhliain		3,835	1,049
(Eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó iarmhéid na Cuideachta Shealbhaíochta, maoiniú léasa agus tionscadail infheistíochta an NDP arna maoiniú ag ClÉ		(31,160)	24,450
<b>Gluaiseacht i nglanfhiach sa bhliain</b>		<b>(27,325)</b>	<b>25,499</b>
Gluaiseacht neamhairgid sa bhliain		-	99,040
Glanfhiach amhail an 1 Eanáir		33,703	(90,836)
<b>Glanchistí amhail an 31 Nollaig</b>		<b>6,378</b>	<b>33,703</b>

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Gnóthas leantach – Éiginnteacht Ábhartha

Thabhaigh an Chuideachta glan-chailteanas €21.9 milliún le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2011 agus, tráth an dáta sin, bhí glansócmhainní darbh fhiú €100.3 milliún agus glandliteanas reatha darbh fhiú €194.9 milliún ag an gCuideachta. Léirítear i réamh-mheastacháin reatha an lucht bainistíochta go dtabhóidh an Chuideachta tuilleadh easnamh idir 2012 agus 2015, agus go mbainfear brabús amach arís in 2016. Mar gheall ar na heasnamh airgid sin, beidh gá le maoiniú breise a fháil ó Ghrúpa CIÉ. Tá cóip den nochtadh a bhaineann le Gnóthas Leantach a áirítear le Nóta 1 de Ráitis Airgeadais CIÉ, san áireamh thíos:

“Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh, rud a thugann le fios go mbeidh an Grúpa ábalta leanúint ar aghaidh i mbun feidhme go ceann i bhfad.

Tá an Grúpa ag leanúint ar aghaidh ag feidhmiú i dtimpeallacht ina bhfuil an dúrud dúshlán. Tá an meath leanúnach ar gheilleagar na hÉireann tar éis dul i gcion go holc ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa agus tá dúshlán á gcur os a choinne i rith an ama. Tá laghdú tagtha ar thuras paisinéirí agus tá laghdú tagtha ar an maoiniú Stáit do CIÉ de bharr laghdú ar Chaiteachas Poiblí an Rialtais trí chéile.

Bhain an Grúpa barraíocht úsáide as na háiseanna iasachtaíochta a bhí ar fáil dó in 2012. Íocadh an barrachas go dtí seo a bhuíochas le réamhíocaíochtaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí. Gan aon bhearta maolaitheacha i bhfeidhm, meastar go sáróidh an Grúpa a chuid áiseanna reatha iasachtaíochta in 2013 arís. Anuas air sin, tá áiseanna reatha iasachtaíochta bairc an Ghrúpa (ar fiú €107 iad) le dul in éag ar dhátaí éagsúla idir mí Eanáir agus mí Dheireadh Fómhair 2013. Amhail an 31 Nollaig 2011, bhí fiach bairc agus léasaithe gan íoc dar fiú €77.8m ag an nGrúpa. Is é €121 milliún (lena n-áirítear áiseanna léasaithe €14 mhilliún) na huasáiseanna féich atá ar fáil don Ghrúpa faoi láthair.

Tá maoiniú breise curtha ar fáil ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt don Ghrúpa chun gníomhaíochtaí leanúnacha an Ghrúpa a mhaoiniú aníos leis an 31 Nollaig 2012. Ní dhearnadh cinneadh go fóill maidir le leagan amach ná le méid an chistiúcháin seo. Chuir an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt litir thacaíochta ar fáil don Ghrúpa arna dátú an 30 Lúnasa 2012. Sonraítear sa litir go bhfuil an Rialtas “ag leanúint uirthi faireachán a dhéanamh ar staid airgeadais CIÉ agus tá sí i dteagmháil leis an gcuideachta maidir leis na bearta atá riachtanach chun inbhuanaitheacht airgeadais CIÉ a chosaint.” Cé go sonraítear sa litir nach féidir aon rud atá sa litir a fhorléiriú mar ráthaíocht maidir le hoibleagáidí nó le dliteanas CIÉ, sonraítear inti freisin “go bhfuil sé mar bheartas an Rialtais go fóill go bhfuil gnó CIÉ in ann a chuid dliteanas a chomhlíonadh i gcónaí. Is scairshealbhoir anair CIÉ é an Stát, agus féadaim dearbhú go leanfaidh an Stát ar aghaidh ag feidhmiú a cheart scairshealbhóra agus é mar chuspóir aige go ndéanfaidh CIÉ bainistiú ar a oibríochtaí ar bhealach a chuirfidh ar a chumas a chuid oibleagáidí uile a bhaint amach go tráthúil. Bheadh ar ghníomh ar bith de chuid

an Stáit teacht le dlí an AE, áfach, lena n-áirítear rialacha Stáitchabhrach a d’fhéadfadh fógra agus formheas an Choimisiúin a iarraidh.”

Cuirtear in iúl i réamh-mheastacháin reatha an lucht bainistíochta go dtabhóidh an Grúpa tuilleadh easnamh in 2012, in 2013 agus in 2014, agus go mbainfidh sé brabús amach arís in 2015 agus in 2016. Mar gheall ar na heasnamh airgid sin, beidh gá le háiseanna athnuaithe, le maoiniú eile agus le bearta ar nós laghdú costais agus réadú sócmhainní.

Is ábhar éiginnteachta don ghnólacht iad na cúinsí seo agus cruthaíonn siad amhras maidir le cumas an Ghrúpa leanúint ar aghaidh i mbun trádála mar ghnóthas leantach sa chaoi a bhfuil air i láthair na huair.

Tar éis athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar phlean gnó an Ghrúpa, ar na buntoimhdí don tréimhse idir 2011 agus 2016 agus ar a bhuiséad don bhliain 2012, agus tar éis breithniú a dhéanamh ar thoradh na bpléití a raibh lucht bainistíochta an Ghrúpa ina mbun leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar na mallaibh, tá ionchas réasúnta ag na Comhaltaí Boird go gcinnteoidh gníomhartha a bheartaítear, mar aon leis na háiseanna athnuaithe agus maoiniú eile, le maoiniú breise na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le hioncam breise ó mhéaduithe ar tháillí, le tacaíocht an Rialtais, agus le cur i bhfeidhm rathúil na mbeart um laghdú costais, go mbeidh dóthain acmhainní ag an gcuideachta chun leanúint ar aghaidh lena chuid oibríochtaí go ceann i bhfad.

Tá ionchas réasúnta ag na Comhaltaí Boird, in ainneoin go bhfuil roinnt éiginnteachtaí os comhair an Ghrúpa, gur féidir dul i ngleic leis na héiginnteachtaí seo trí roinnt beart. Áirítear leis na bearta seo:

- Sócmhainní nach bunsócmhainní iad a réadú
- An bonn costais a laghdú, lena n-áirítear laghduithe ar an bpárolla
- Méaduithe ilbhliantúla ar tháillí
- Clár caipitil féinmhaoinithe a chiorrú

Bhí pléití tosaigh ar bun ag an lucht bainistíochta lena mbaincfeirí i ndáil leis na háiseanna nua sa bhliain 2013. Toisc nach bhfuil smacht iomlán ag an nGrúpa ar thoradh phléití an Ghrúpa leis na bairc, leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair, tá na Comhaltaí Boird den tuairim go bhfuil an riosca ina éiginnteacht ábhartha a chruthaíonn amhras maidir le cumas an Ghrúpa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Mar sin féin, tar éis fiosrúcháin chúil a dhéanamh agus ag cur na neamhchinnteachtaí a shonraítear thuas san áireamh, tá na Comhaltaí Boird measartha dóchasach go gcuirfeadh áiseanna athnuaithe agus maoiniú eile ar fáil don Ghrúpa agus go dtabharfaidh an Rialtas tacaíocht do na bearta chun cobhsaíocht airgeadais a chinntiú. Ar na fáthanna sin, baineann na Comhaltaí Boird leas as bonn an ghnóthais leantaigh i rith an ama le haghaidh ullmhú na ráiteas airgeadais. Níl coigeartuithe ar bith san áireamh sna ráitis airgeadais a mbeadh gá leo mura mbeadh an Grúpa in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.”

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

**2. Anailís Rannóige ar an gCuntas Brabúis Agus Cailteanais**

A) Toradh na cuideachta	2011	2010
Easnamh oibriúcháin roimh ús oibriúcháin, deontais Stáit agus míreanna eisceachtúla;	€000	€000
<b>Oibríochtaí iarnróid</b>		
Príomhlíne iarnróid (Nóta 2B)	(123,267)	(73,975)
Iarnród fo-uirbeach (Nóta 2C)	(10,454)	(22,396)
<b>Oibríochtaí iomlána iarnróid</b>	<b>(133,721)</b>	<b>(96,371)</b>
Fóirdheontas Stáit	99,356	57,419
Deontais d'oibríochtaí iarnróid	9,995	10,268
<b>Easnamh oibriúcháin roimh ús oibriúcháin agus míreanna eisceachtúla:</b>		
Oibríochtaí iarnróid	(24,370)	(28,684)
Cothabháil bonneagair (Nóta 2D)	(879)	7,271
Lasta iarnróid (Nóta 2E)	(1,273)	682
Calafort Ros Láir (Nóta 2F)	1,751	1,693
